An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Gníomhaíocht Tangram

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de cheardlann FGL Ghrafaice 2018 / 2019 a tharla le linn na scoilbhliana 2018 / 2019. Is féidir breathnú ar na hábhair uile a úsáideadh sa cheardlann sin i rannán na dTeicneolaíochtaí de www.jct.ie laistigh de thíl na gCeardlann FGL

Nasc Cheardlann:FGL:
http://jct.ie/leagangaeilge/technologies/cpd_supports_graphics_cpd_workshops_2018_2019_ga

Taispeánadh an t-aonad seo le linn na ceardlainne seo agus dhírigh sí ar an gcaoi ar fhorbair múinteoir aonad foghlama lena chuid scoláirí agus comhthéacs a scoile ina intinn aige. Seans go gcabhródh an acmhainn shamplach seo leat ábhair a phleanáil agus a fhorbairt a d'oirfeadh do chomhthéacs do chuidse scoláirí. Ba é príomhfhócas an aonaid fhoghlama seo tuiscint a fhorbairt ar thógálacha geoiméadracha agus scileanna réasúnú spásúlachta a fhorbairt. Is féidir teacht ar an bplé sin ar shleamhnáin 42 – 57 den Chumhacht-Phointe FGL Ghrafaice 2018/2019.

## Cad é atá le fail sa PDF seo?

1. Aonad foghlama samplach

San áireamh leis seo gheofar an t-aonad foghlama samplach a chruthaigh foireann Ghrafaice JCt4. Tá na torthaí foghlama atá á ngníomhachtú ag an mbileog oibre aibhsithe sa phlean. Aibhseofar le bosca dearg na torthaí foghlama, an phríomhfhoghlaim, an fhianaise ar fhoghlaim agus rannáin eispéiris na bhfoghlaimeoirí sa phlean chun a chur in iúl cén áit a luíonn an acmhainn laistigh de chomhthéacs an aonaid.


2. Dáileán Tangraim

Mar chuid den aonad foghlama cruthaíodh daileán leis na torthaí foghlama a ghníomhachtú laistigh den aonad. Dearadh an dáileán seo go háirithe don cheardlann CPD 2018 / 2019 agus moltar an acmhainn seo a chur in oiriúint chun freastal ar do rang-ghrúpa ar leith féin agus ar a gcomhthéacs.

Nasc chuig an acmhainn:

**Tabhair do d'aire:** Moltar go mbreathnófá ar na hábhair cheardlainne FGL agus an acmhainn seo in úsáid agat chun comhthéacs a thabhairt don acmhainn agus tuiscint níos fearr a fhorbairt ar struchtúr na sonraíochta.

CC BY NC




Sampla – a forbraíodh le húsáid le FGL JCt4


CC BY NC

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2018 – 2019 agus is laistigh de chomhthéacs an phlé a tharla le linn na ceardlainne sin a luíonn sí.

## Dúshlán Tangram

Is puzal seacht bpíosa é tangram a tháinig as an tSín. Is míreanna mearaí atá ann go bunúsach ata comhdhéanta de chruthanna geoiméadracha is féidir a ghearradh amach as cearnóg amháin mar a léirítear i bhfíor 1. Is iad na cruthanna atá ann cearnóg, 2 thriantán mhóra, 2 thriantán bheaga, triantán meánach agus rombóideach.  Tá an triantán meánach, an chearnóg agus an rombóideach dhá uair níos mó ná na triantáin bheaga; ta achar na dtriantán mór ceithre huaire níos mó ná achar na dtriantán beag.

Ag úsáid na léaráide i bhfíor 1 mar threoir, críochnaigh leagan amach an tangraim i bhfíor 2.



**Fíor 1**

Fíor 2

**Aimsigh na nithe seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Trasnán | Déroinnteoir |
| Comhthreo | Cothromán |
| Ceartingear | Uillinn 90° |
| Uillinn 45° | Comhchosach |
| Comhthreomharán | |


**Cé mhéad triantán atá le feiceáil?**

Ar phíosa cárta cearnógach 140mm tarraing amach an puzal Tangraim agus gearr amach go cúramach na píosaí mar a léirítear iad i bhfíor 3. Déan na cleachtaíar an leathanach ag úsáid phíosaí an tangraim. Cuireadh isteach imlíne na gcruthanna sna chéad chúpla cleachtadh le cuidiú leat.



**Fíor 3**

Déan na cleachtaí seo a leanas ag úsáid na bpíosaí tangraim a ghearr tú amach. Tá an chéad cheann déanta duit.



Sampla – a forbraíodh le húsáid le FGL JCt4

Cruthaigh liosta d'airíonna geoiméadracha do gach ceann de na ceithre chruth thíos. An féidir leat gach cruth a dhéanamh ag úsáid na bpíosaí tangraim go léir. Úsáid do liosta le deimhniú go bhfuil na hairíonna cearta geoiméadracha ag na cruthanna a rinne tú.

| Cruth | Dronuilleog | Comhthreomharán | Comhchosach Triantán | Traipéisiam |
|---|---|---|---|---|
| Airíonna geoiméadracha cruthanna ag úsáid sceitsí, siombailí nó téacs | | | | |

BY NC

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2018 – 2019 agus is laistigh de chomhthéacs an phlé a tharla le linn na ceardlainne sin a luíonn sí.